

# 'Lá na bPáistí'

## An Teagasc agus An Fhoghlaim i Seanfhocail na Gaeilge

Tá go leor seanfhocal ar chúrsaí foghlama agus teagaisc sa traidisiún Gaelach i gcoitinne. San alt gearr seo déanann an Dr Marie Whelton ó Rannóg na Gaeilge, Institiúid Oideachais Marino, rangú ar shampláil ionadaíoch de sheanfhocail a bhaineann le téama an teagaisc agus na foghlama. Minítear na seanfhocail sin agus féachtar ar na léargais a thugann siad d'oideachasóirí.



Cleachtadh a dhéanann máistreacht

dea-bheatha agus i gcomhair an dea-chleachtais. Tá taithí ag bunmhúinteoirí ar sheanfhocail a mhúineadh mar chuid d'fheasacht oidhreacht agus cultúir. San alt seo, ba mhaith liom a thaispeáint go bhféadfadh múinteoirí leas eile a bhaint as na seanfhocail, is é sin go bhféadfadh múinteoirí na léargais a thugann na seanfhocail a úsáid mar thúsphointe don mhachnamh ar ghnéithe dá gcleachtas gairmiúil féin agus ar chúrsaí oideachais i gcoitinne.

### Uathúlacht an pháiste (Uniqueness of the child)

Is í an tábhacht a bhaineann le meas a léiriú ar dhúchas agus ar nádúr sainiúil gach páiste atá faoi bhéim sna seanfhocail sa chéad ghrúpa seo. Cuireann siad i gcuimhne dúinn go bhfuil a (h)uathúlacht féin ag gach páiste agus go léirítear í sin i bpearsantacht, i suáilc agus in acmhainn an pháiste. Tugann na seanfhocail seo, dúshlán don oide tuiscint a fháil ar an uathúlacht sin, idirdhealú a dhéanamh dá réir agus aitheantas a thabhairt d'aon iarracht a léiríonn go bhfuil a d(h)ícheall á d(h)éanamh ag an bpáiste.

'Roinneann Dia na suáilc'

- \* roinn = share; suáilce = virtue.
- \* Tugann Dia buanna éagsúla do gach duine.

'Is treise an dúchas ná an oiliúint'

- \* treise = strength, dominance; dúchas = ancestral nature; oiliúint = nurture, upbringing, training.
- \* Bíonn an nádúr níos láidre ná an t-oideachas.

'Is leor nod don eolach'

- \* nod = a hint; eolach = learned;
- \* Ní gá gach rud a mhíniú do dhuine éirimíúil/cliste.

'Ní hé lá na báistí lá na bpáistí'

- \* lá na báistí = rainy day; lá na bpáistí =

the children's day.

- \* Bíonn ar pháistí fanacht istigh ar lá fliuch agus ní maith leo é sin.

'Is leor ó Mhór a dícheall'

- \* Mór = ainm cailín, a girl's name; dícheall = best endeavour.
- \* Ní féidir a bheith ag súil le níos mó ná a (h)iarracht is fearr ó aon duine.

### Moladh agus ionchas (praise and expectation)

Na seanfhocail sa dara grúpa seo, cuireann siad béim ar thábhacht an mholta chun daoine óga a thabhairt ar aghaidh. Spreagann na seanfhocail múinteoirí féachaint le hionchas ar phoitéinseal gach páiste agus ar na féidearthachtaí móra atá os a c(h)omhair. Is í an chomhairle a thugann siad ná meas a léiriú ar an bhforbairt, ar an bhfás agus ar an gclaoclú a dtéann an páiste triothu agus ar an am a thógann sé ar an bpáiste bláthú go hiomlán.

'Mol an óige agus tíochar sí'

- \* mol = praise; tar = come/grow.
- \* Má dhearbhaítear daoine óga, bláthóidh siad.

'Is minic a dhein bromaichín gioblach capaillín cumasach'

- \* bromaichín = a colt; gioblach = ragged; capaillín = pony; cumasach = able.
- \* Is minic nach mbaineann páistí a bpoitéinseal iomlán amach go dtí go mbíonn siad níos sine.

'Cuir póiríní is gheobhaidh tú póiríní'

- \* cuir = sow; póiríní = small potatoes;
- \* Gheobhaidh tú an rud a mbíonn tú ag súil leis.

### Éagsúlacht agus scéalta (varied stimuli and stories)

Dearbhaíonn an chéad agus an dara seanfhocal sa tríú grúpa seo tábhacht na héagsúlachta sa teagasc. Molann na seanfhocail sin don oide gan an iomarca ama a chaitheamh ar aon ábhar amháin nó le modh teagaise ar leith. Bíonn gá le héagsúlacht chun spéis agus iontas a mhúscailt. Is iad buntáistí na scéalaíochta atá faoi bhéim sa tríú seanfhocal thíos. Tacaíonn an seanfhocal sin leis an tuairim go bhforbraíonn páistí scileanna éisteachta agus scileanna sa teanga labhartha tríd an scéalaíocht.

### Réamhfhocal

Tobar gaoise (well of wisdom) agus creidimh iad seanfhocail na Gaeilge. Nathanna gairide iad de ghnáth, a bhfuil blas uile-choiteann (universal) orthu agus a iompraíonn teagaisc agus fealsúnacht thraidisiúnta na ndaoine. Tugann siad idir chomhairle agus rabhaidh i gcomhair na

'An rud a théann i bhfad téann sé i bhfuairé'

- ✱ i bhfad = a long time; i bhfuairé = colder.
- ✱ Cailleann an rud a bhíonn ar siúl ró-fhada a mhealltacht.

'An rud is annamh is iontach'

- ✱ annamh = rare, unusual, seldom; iontach = wonderful.
- ✱ An rud nach dtarlaíonn go minic, bíonn sé suaithinseach.

'Tarraingíonn scéal scéal eile'

- ✱ tarraing = to draw, extract; scéal = story.
- ✱ Spreagann scéalta níos mó scéalta (agus níos mó cainte).

### **Tús maith agus foghlaim leanúnach (a good start and continuous learning)**

Tá go leor seanfhocal sa traidisiún a thagraíonn don tábhacht a bhaineann le tús maith a chur le tionscnaimh agus a thagraíonn don tábhacht a bhaineann leis an

dea-ullmhúchán. Tá dhá shampla de na seanfhocail sin anseo thíos. An seanfhocal deireanach thíos, cuireann sé béim ar an gcleachtadh agus ar an obair mhór a bhíonn ag teastáil chun feabhas a bhaint amach i ndisciplín ar bith. Tá leagan eile den seanfhocal sin sa traidisiún, freisin, is é sin, 'úspaireacht a dhéanann máistreacht', agus is fearr mar a léiríonn an focal 'úspaireacht' gurb é an síorchleachtadh leanúnach, an fhoghlaim ar feadh saoil atá i gceist.

'Tús maith leath na hoibre'

- ✱ tús = start; leath = half.
- ✱ Má dhéantar an t-ullmhúchán, bíonn níos lú oibre le déanamh san fhadtréimhse.

'An té nach gcuireann san earrach, ní bhainfidh sé san fhómhar'

- ✱ an té = an duine; cuir = sow; bain = reap.
- ✱ An duine nach ndéanann an t-ullmhúchán, ní bhfaighidh sé torthaí a chuid oibre.


'Cleachtadh a dhéanann máistreacht'

- ✱ cleachtadh = practice; máistreacht = mastery.
- ✱ Má dhéantar cleachtadh ar rud éigin, beifear ar fheabhas ag an rud sin.

### **Clabhsúr**

Tá aitheanta le fada go bhfuil an machnamh criticiúil ar chleachtas ina dhlúthghné d'fhorbairt leanúnach múinteoirí agus glactar leis go geabhraíonn an machnamh sin le múinteoirí athnuachan agus claochlú a chur i bhfeidhm ina gcuid cleachtais. Is cinnte go gcothaíonn na seanfhocail Ghaeilge atá pléite thuas machnamh ar ghnéithe lárnacha den oideachas. Táthar ag súil leis go spreagfaidh an t-alt ina iomláine múinteoirí chun tuilleadh machnaimh agus ceistithe a dhéanamh ar a dtaithe múinteoireachta féin trí lionsa na seanfhocal céanna.

*Dr Marie Whelton, ó Rannóg na Gaeilge, Institiúid Oideachais Marino, Baile Átha Cliath 9.*



Ní hé lá na baisti  
lá na bpáisti